Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14764/11
ADD 28

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0249 (NLE)

WTO 329
AMLAT 84
SERVICES 96
COMER 193

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile |

**IARSCRÍBHINN III**

FORÁLACHA SPEISIALTA MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil comhar riaracháin idir a n-údaráis inniúla fíor-riachtanach chun an chóir fhabhrach a dheonaítear faoin gComhaontú seo a chur chun feidhme agus a rialú agus cuireann siad i dtreis a dtiomantas fadhbanna a d’fhéadfadh a bheith ann a chomhrac i ndáil leis sin.

2. I gcás ina gcinnfidh Páirtí, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, mainneachtain comhar riaracháin a sholáthar maidir leis na fabhair a deonaíodh faoin gComhaontú seo, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, cóir fhabhrach ábhartha an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann agus nár soláthraíodh comhar riaracháin ina leith, an chóir fhabhrach sin a chur ar fionraí go sealadach, agus na táirgí lena mbaineann de thionscnamh sonrach agus den aicmiú taraife céanna.

3. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn mainneachtain comhar riaracháin a sholáthar idir Údaráis Inniúla na bPáirtithe:

   (a) mainneachtain arís agus arís eile urraim a thabhairt don oibleagáid stádas tionscnaimh an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann a fhíorú faoi Airteagal 31 d’Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin);

(b) diúltú arís agus arís eile, nó moill mhíchuí a dhéanamh in leith, fíorú ar an gcruthúnas ar thionscnamh a dhéanamh agus/nó ar thorthaí an fhíoraithe sin a chur ar fáil faoi Airteagal 31 d’Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin);

(c) diúltú arís agus arís eile, nó moill mhíchuí a dhéanamh ina leith, údarú a fháil a bheith rannpháirteach, in éineacht le hoifigigh ón Páirtí is onnmhaireoir, i gcuairteannta a thabhairt ar chríoch an Páirtí is onnmhaireoir chun tionscnamh na dtáirgí a fhíorú, arna iarraidh sin don Pháirtí is allmhaireoir.

4. Beidh cur i bhfeidhm fionraí sealadaí faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) an Páirtí a rinne cinneadh, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, mainneachtain comhar riaracháin a sholáthar, déanfaidh sé an tsaincheist a ardú leis an bhFochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh agus, gan moill mhíchuí, tabharfaidh sé fógra don Choiste Trádála faoina chinneadh mar aon leis an bhfaisnéis oibiachtúil. Rachaidh an Páirtí sin i mbun comhairliúchán laistigh den Choiste um Thrádáil, ar bhonn na faisnéise ábhartha uile agus na gcinntí oibiachtúla uile, d’fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá Pháirtí;

(b) i gcás ina ndeachaigh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin laistigh den Choiste Trádála mar a léirítear i bhfomhír (a) agus nár tháinig siad ar chomhaontú maidir le réiteach inghlactha laistigh de 3 mhí tar éis an fhógra, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann cóir fhabhrach ábhartha an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann agus nár soláthraíodh comhar riaracháin ina leith, an chóir fhabhrach sin a chur ar fionraí go sealadach;

(c) ní mhairfidh fionraíochtaí sealadacha níos faide ná tréimhse 6 mhí, tréimhse a fhéadfar a athnuachan más ann fós do na coinníollacha ba chúis leis an bhfionraí; cuirfear fionraí shealadach agus athnuachan na fionraí sin in iúl don Choiste um Thrádáil gan moill mhíchuí agus beidh siad faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla laistigh den Choiste um Thrádáil go háirithe d'fhonn iad a fhoirceannadh a luaithe nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na coinníollacha maidir lena gcur i bhfeidhm.

5. A luaithe a bheidh cóir fhabhrach taraife curtha ar fionraí go sealadach ag Páirtí, beidh na Páirtithe i dteideal a iarraidh go ngníomhachtófaí an sásra um Réiteach Díospóidí faoi Theideal XII den Chomhaontú seo. Sa chás sin, cuirfear an chéim chomhairliúcháin a bhunaítear i mír 4(a) in ionad chéim na gcomhairliúchán a bhunaítear in Airteagal 301 den Chomhaontú seo, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 9 den Airteagal sin[1].

______________________

[1] Chun críocha na míre seo, tuigfear gurb ionann an tagairt d'fhochoiste in Airteagal 301 mír 9 agus tagairt don Choiste um Thrádáil.

**IARSCRÍBHINN IV**

# BEARTA COIMIRCE TALMHAÍOCHTA

## ROINN A

## AN CHOLÓIM

Earraí faoi réir agus truicearmhéideanna allmhairí

Chun críocha Airteagal 29 den Chomhaontú seo, liostaítear thíos earraí de chuid an Aontais Eorpaigh a d'fhéadfadh a bheith faoi réir beart coimirce talmhaíochta agus na truicearmhéideanna comhiomlána ó gach ceann de na hearraí sin:

Catagóir céimnithe LP1:

| Línte taraife | Bliain | Truicearmhéid allmhairí (Tonaí méadracha) |
|---|---|---|
| 04021010<br>04021090<br>04022111<br>04022119<br>04022191<br>04022199 | | |
| | Teacht i bhFeidhm | 20 % de bhreis ar an gcuóta *pro rata* |
| | 1 | 5 280 |
| | 2 | 5 760 |
| | 3 | 6 240 |
| | 4 | 6 720 |
| | 5 | 7 200 |
| | 6 | 7 680 |
| | 7 | 8 160 |
| | 8 | 8 640 |
| | 9 | 9 120 |
| | 10 | 9 600 |
| | 11 | 10 080 |
| | 12 | 10 560 |
| | 13 | 11 040 |
| | 14 | 11 520 |
| | 15 | 12 000 |
| | 16 | 12 480 |
| | 17 | 12 960 |

Catagóir céimnithe LP2:

| Línte taraife | Bliain | Truicearmhéid allmhairí (Tonaí méadracha) |
|---|---|---|
| 04022911<br>04022919<br>04022991<br>04022999<br>04029110<br>04029190<br>04029990 | | |
| | Teacht i bhFeidhm | 20 % de bhreis ar an gcuóta *pro rata* |
| | 1 | 660 |
| | 2 | 720 |
| | 3 | 780 |
| | 4 | 840 |
| | 5 | 900 |
| | 6 | 960 |
| | 7 | 1 020 |
| | 8 | 1 080 |
| | 9 | 1 140 |
| | 10 | 1 200 |
| | 11 | 1 260 |
| | 12 | 1 320 |

Catagóir chéimnithe LS:

| Línte taraife | Bliain | Truicearmhéid allmhairí (Tonaí méadracha) |
|---|---|---|
| 04041010<br>04041090<br>04049000 | | |
| | Teacht i bhFeidhm | 20 % de bhreis ar an gcuóta *pro rata* |
| | 1 | 3 300 |
| | 2 | 3 600 |
| | 3 | 3 900 |
| | 4 | 4 200 |
| | 5 | 4 500 |
| | 6 | 4 800 |
| | 7 | 5 100 |
| | 8 | 5 400 |
| | 9 | 5 700 |
| | 10 | 6 000 |
| | 11 | 6 300 |
| | 12 | 6 600 |

Catagóir chéimnithe Q:

| Línte taraife | Bliain | Truicearmhéid allmhairí (Tonaí méadracha) |
|---|---|---|
| 04062000<br>04063000<br>04064000<br>04069040<br>04069050<br>04069060<br>04069090 | | |
| | Teacht i bhFeidhm | 20 % de bhreis ar an gcuóta *pro rata* |
| | 1 | 3 049 |
| | 2 | 3 326 |
| | 3 | 3 604 |
| | 4 | 3 881 |
| | 5 | 4 158 |
| | 6 | 4 435 |
| | 7 | 4 712 |
| | 8 | 4 990 |
| | 9 | 5 267 |
| | 10 | 5 544 |
| | 11 | 5 821 |
| | 12 | 6 098 |
| | 13 | 6 376 |
| | 14 | 6 653 |
| | 15 | 6 930 |
| | 16 | 7 207 |
| | 17 | 7 484 |

Catagóir chéimnithe LM:

| Línte taraife | Bliain | Truicearmhéid allmhairí (Tonaí méadracha) |
|---|---|---|
| 19011010<br>19011091<br>19011099 | | |
| | Teacht i bhFeidhm | 20 % de bhreis ar an gcuóta *pro rata* |
| | 1 | 1 452 |
| | 2 | 1 584 |
| | 3 | 1 716 |
| | 4 | 1 848 |
| | 5 | 1 980 |
| | 6 | 2 112 |
| | 7 | 2 244 |
| | 8 | 2 376 |
| | 9 | 2 508 |
| | 10 | 2 640 |
| | 11 | 2 772 |
| | 12 | 2 904 |
| | 13 | 3 036 |
| | 14 | 3 168 |
| | 15 | 3 300 |
| | 16 | 3 432 |
| | 17 | 3 564 |

## ROINN B

## PEIRIÚ

1. Féadfaidh Peiriú beart coimirce talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí a liostaítear san Iarscríbhinn seo i gcás ina rachaidh méid na n-allmhairí thar 10 faoin gcéad de mhéid an chuóta ráta taraife a leagtar amach don bhliain sin i Roinn C d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíchur Taraife).

2. I gcás cheannteideal 1601, féadfaidh Peiriú beart cosanta talmhaíochta a chur i bhfeidhm nuair is mó ná 400 tona méadrach méid na n-allmhairí. Méadófar an méid sin 40 tona méadrach gach bliain.

| NAN07 2010 | Tuairisc |
|---|---|
| 0203110000 | FEOIL Ó UAIN; CONABLAIGH AGUS LEATHCHONABLAIGH; ÚR NÓ FUARAITHE |
| 0203120000 | LIAMHÁSA, GUAILLÍ AGUS GEARRTHACHA DÍOBH, Ó MHUCA, AR A bhFUIL AN CNÁMH, IAD ÚR NÓ FUARAITHE |
| 0203190000 | FEOIL EILE Ó CHAOIRIGH, ÚR NÓ FUARAITHE |
| 0203210000 | FEOIL Ó UAIN; CONABLAIGH AGUS LEATHCHONABLAIGH; ÚR NÓ FUARAITHE |
| 0203220000 | LIAMHÁSA, GUAILLÍ AGUS GEARRTHACHA DÍOBH, Ó MHUCA, AR A bhFUIL AN CNÁMH, IAD ÚR NÓ FUARAITHE |
| 0203290000 | FEOIL EILE Ó MHUCA, REOITE |
| 0402101000 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 1,5 % DE RÉIR MEÁCHAIN, A bhFUIL SIÚCRA NÓ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG. |
| 0402109000 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 1,5 % DE RÉIR MEÁCHAIN, A bhFUIL SIÚCRA NÓ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG. |

| NAN07 2010 | Tuairisc |
|---|---|
| 0402211100 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN, GAN SIÚCRA NÁ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG |
| 0402211900 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN, GAN SIÚCRA NÁ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG |
| 0402219100 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 1,5 % ACH NACH MÓ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN AR AN TÁIRGE, GAN SIÚCRA NÁ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG |
| 0402219900 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 1,5 % ACH NACH MÁ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN AR AN TÁIRGE TIRIM, GAN SIÚCRA NÁ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG |
| 0402291100 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN AR AN TÁIRGE TIRIM, A bhFUIL SIÚCRA NÓ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NACH MÓ NÁ 2,5 KG |
| 0402291900 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN AR AN TÁIRGE TIRIM, A bhFUIL SIÚCRA NÓ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG |
| 0402299100 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 1.5 % ACH NACH MÓ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN AR AN TÁIRGE TIRIM, A bhFUIL SIÚCRA NÓ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NÍOS MÓ NÁ 2,5 KG |

| NAN07 2010 | Tuairisc |
|---|---|
| 0402299900 | BAINNE AGUS UACHTAR, I bPÚDAR, I nGRÁINNÍNÍ NÓ I bhFOIRMEACHA SOLADACHA EILE, INA bhFUIL CION SAILLE NACH MÓ NÁ 1.5 % ACH NACH MÓ NÁ 26 % DE RÉIR MEÁCHAIN AR AN TÁIRGE TIRIM, A bhFUIL SIÚCRA NÓ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS, I gCOIMEÁDÁIN INA bhFUIL GLANCHION NACH MÓ NÁ 2,5 KG |
| 0402911000 | BAINNE GALAITHE |
| 0402919000 | BAINNE NÓ UACHTAR EILE, GAN SIÚCRA NÁ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS |
| 0402991000 | BAINNE GALAITHE |
| 0402999000 | BAINNE NÓ UACHTAR EILE, A bhFUIL SIÚCRA NÓ MILSEOIR EILE CURTHA LEIS |
| 0406100000 | CÁIS ÚR (NEAMHAIBÍ NÓ NEAMHLEASAITHE), CÁIS MHEIDHG AGUS GRUTH SAN ÁIREAMH |
| 0406200000 | CÁIS DE GACH CINEÁL, GRÁTÁILTE NÓ PÚDRAITHE |
| 0406300000 | CÁIS PHRÓISEÁILTE, NACH bhFUIL GRÁTÁILTE NÁ PÚDRAITHE |
| 0406400000 | CÁIS LEAFAOIS GHORM |
| 0406904000 | CÁIS INA bhFUIL CION TAISE NÍOS LÚ NÁ 50 % DE RÉIR MEÁCHAIN ARNA RÍOMH AR BHONN DÍSHAILLTE GO hIOMLÁN |
| 0406905000 | CÁIS INA bhFUIL CION TAISE AR A LAGHAD 50 % ACH NACH MÓ NÁ 56 % DE RÉIR MEÁCHAIN ARNA RÍOMH AR BHONN DÍSHAILLTE GO hIOMLÁN |
| 0406906000 | CÁIS INA bhFUIL CION TAISE AR A LAGHAD 56 % ACH NACH MÓ NÁ 69 % DE RÉIR MEÁCHAIN ARNA RÍOMH AR BHONN DÍSHAILLTE GO hIOMLÁN |
| 0406909000 | CÁISEANNA EILE |
| 1601000000 | ISPÍNÍ AGUS TÁIRGÍ COMHCHOSÚLA, Ó FHEOIL, Ó SCAIRTEACH FEOLA NÓ Ó FHUIL; ULLMHÓIDÍ BIA ATÁ BUNAITHE AR NA TÁIRGÍ SIN |

**IARSCRÍBHINN V**

CÚNAMH RIARACHÁIN FRITHPHÁIRTEACH
IN ÁBHAIR CHUSTAIM

AIRTEAGAL 1

Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

– ciallaíonn ‘údarás is iarratasóir’ aon údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun na críche seo agus a dhéanann iarraidh ar chúnamh ar bhonn na hIarscríbhinne seo;

– ciallaíonn ‘reachtaíocht chustaim’ aon dlí, riail nó aon ionstraim dlí is infheidhme i gcríoch Páirtí, a rialaíonn allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí agus iad á gcur faoi aon chóras nó nós imeachta custaim eile, lena n-áirítear bearta toirmisc, srianta agus rialaithe;

– ciallaíonn ‘oibríocht a sháraíonn an reachtaíocht chustaim’ aon sárú nó aon iarracht ar reachtaíocht chustaim aon Pháirtí a shárú;

– ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis a bhaineann le duine aonair sainaitheanta nó inaitheanta agus d’fhéadfadh sé go gciallódh sé, má fhoráiltear amhlaidh i reachtaíocht an Pháirtí, aon fhaisnéis a bhaineann le duine dlítheanach sainaitheanta nó in-sainaitheanta;

– ciallaíonn ‘údarás is iarratasóir’ aon údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun na críche seo agus a fhaigheann iarraidh ar chúnamh ar bhonn na hIarscríbhinne seo.

## AIRTEAGAL 2

### Raon feidhme

1. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile maidir le réimsí a thagann faoi réim a n-inniúlachta, ar an modh agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn seo, chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta custaim a áirithiú, go háirithe trí oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht sin a chosc, a imscrúdú agus a chomhrac.

2. Beidh feidhm ag cúnamh in ábhair chustaim, mar a fhoráiltear don mhéid sin san Iarscríbhinn seo, maidir le haon údarás riaracháin de chuid na bPáirtithe atá inniúil chun an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm. Ní dhéanfar, leis an gcúnamh sin dochar do na rialacha lena rialaítear cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla ná ní chumhdófar leis faisnéis a fhaightear faoi chumhachtaí a feidhmíodh ar iarraidh údaráis bhreithiúnaigh, ach amháin i gcás ina n-údaraíonn an t-údarás sin an fhaisnéis sin a chur in iúl.

3. Ní chumhdaítear cúnamh chun dualgais, cánacha nó fíneálacha a aisghabháil leis an Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 3

Cúnamh ar é a iarraidh

1. Arna iarraidh sin ag údarás is iarratasóir, soláthróidh an t-údarás is faighteoir iarrata an fhaisnéis ábhartha ar fad dó lena bhféadfar cur ar a chumas a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an reachtaíocht chustaim i gceart, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí a tugadh faoi deara nó a bheartaítear agus ar oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht chustaim nó a d'fhéadfadh an reachtaíocht chustaim a shárú.

2. Arna iarraidh sin ag údarás is iarratasóir, cuirfidh an t-údarás is faighteoir iarrata ar an eolas é cibé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) go ndearnadh earraí a onnmhairíodh ó chríoch Páirtí a allmhairiú go cuí isteach i gcríoch Páirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí;

(b) go ndearnadh earraí a allmhairíodh isteach i gcríoch Páirtí a onnmhairiú go cuí ó chríoch Páirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí.

3. Arna iarraidh sin ag údarás is iarratasóir, déanfaidh údarás is faighteoir iarrata, faoi chuimsiú a fhorálacha dlí nó rialála, na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar faireachas speisialta ar an méid seo a leanas:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint go bhfuil nó go raibh siad bainteach le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

(b) áiteanna inar cóimeáladh earraí nó ina bhféadfar na hearraí sin a chóimeáil ar bhealach lena bhfágtar go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na hearraí sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

(c) earraí atá á n-iompar nó ar féidir iad a iompar ar bhealach ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint astu in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

(d) meáin iompair atá, nó a fhéadfar a úsáid, ar bhealach ina mbeidh forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil siad ceaptha lena n-úsáid in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim.

## AIRTEAGAL 4

### Cúnamh Spontáineach

Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, ar a dtionscnamh féin agus i gcomhréir lena ndlíthe, rialacha agus ionstraimí eile dlí, má mheasann siad go bhfuil gá leis chun an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm i gceart, go háirithe trí fhaisnéis a sholáthar a fuarthas maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí ar oibríochtaí iad nó a ndealraíonn sé gur oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht chustaim agus a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhar leasa do Pháirtí eile;

(b) modhanna nua nó modhanna nua a úsáidfear chun oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim a chur i gcrích;

(c) earraí arb eol go bhfuil siad faoi réir oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

(d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint go bhfuil nó go raibh siad bainteach le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

(e) meáin iompair a bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go ndearnadh iad a úsáid, nó go bhféadfar iad a úsáid in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim.

## AIRTEAGAL 5

### Soláthar agus fógra

1. Arna iarraidh sin d'údarás is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás iarrtha, i gcomhréir le forálacha dlí nó rialála is infheidhme maidir leis an údarás sin, na bearta uile is gá chun aon doiciméad a sheachadadh nó chun fógra a thabhairt faoi aon chinneadh a thagann ón údarás is iarratasóir agus a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhinne seo, chuig nó do sheolaí atá ina chónaí nó atá bunaithe i gcríoch an údaráis iarrtha.

2. Is i scríbhinn i Spáinnis nó i mBéarla, cibé acu is inghlactha ag an údarás iarrtha, a dhéanfar iarrataí ar dhoiciméid a sheachadadh nó fógra a thabhairt faoi chinntí.

## AIRTEAGAL 6

### Foirm agus substaint na n-iarrataí ar chúnamh

1. Is i scríbhinn a dhéanfar iarrataí de bhun na hIarscríbhinne seo. Beidh na doiciméid is gá ag gabháil leo chun gur féidir an iarraidh a chomhlíonadh. Nuair is gá sin mar gheall ar phráinn an cháis, féadfar glacadh le hiarrataí ó bhéal, ach déanfar iad a dhearbhú láithreach i scríbhinn.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh in iarrataí a dhéantar de bhun mhír 1:

(a) an t-údarás is iarratasóir;

(b) an beart arna iarraidh;

(c) cuspóir na hiarrata agus an chúis atá léi;

(d) na dlíthe, na rialacha agus na hionstraimí eile dlí atá i gceist;

(e) sonraí atá chomh cruinn cuimsitheach agus is féidir ar daoine nádúrtha nó dlítheanacha is ábhar do na himscrúduithe; agus

(f) achoimre ar na fíorais ábhartha agus ar na fiosrúcháin a rinneadh cheana.

3. Cuirfear iarrataí faoi bhráid Tír Aindéach is Sínitheoir i Spáinnis nó i mBéarla, agus i gcás Pháirtí an Aontais Eorpaigh, i cibé ceann acu sin atá inghlactha ag an údarás iarrtha.

4. Mura gcomhlíonann iarraidh na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, féadfar a iarraidh go ndéanfaí í a cheartú nó a chomhlánú; idir an dá linn, féadfar bearta réamhchúraim a ordú, de réir dhlíthe, rialacha agus ionstraimí dlí an Pháirtí lena mbaineann.

AIRTEAGAL 7

Forghníomhú iarrataí

1. Chun iarraidh ar chúnamh a chomhlíonadh, rachaidh an t-údarás iarrtha ar aghaidh, laistigh de theorainneacha a inniúlachta agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, amhail is dá mbeadh sé ag gníomhú ar a chuntas féin nó arna iarraidh sin d'údaráis eile den Pháirtí céanna, trí fhaisnéis atá ina sheilbh cheana a sholáthar, trí fhiosrúcháin iomchuí a dhéanamh nó trí shocruithe a dhéanamh go ndéanfar fiosrúcháin iomchuí. Beidh feidhm ag an bhforáil seo freisin maidir le haon údarás eile ar chuir an t-údarás iarrtha an iarraidh chuige nuair nach féidir leis an údarás sin gníomhú as a stuaim féin.

2. Forghníomhófar iarrataí ar chúnamh i gcomhréir le dlíthe, rialacha agus ionstraimí dlí an Pháirtí iarrtha.

3. Féadfaidh oifigigh chuí-údaraithe de chuid Páirtí amháin, i gcomhaontú leis an bPáirtí is faighteoir iarrata agus faoi réir na gcoinníollacha, na ndlíthe, na rialacha agus na n-ionstraimí dlí eile a leagtar síos ag an bPáirtí sin, a bheith i láthair ag oifigí an údaráis is faighteoir iarrata nó aon údaráis eile lena mbaineann i gcomhréir le mír 1, d'fhonn faisnéis ábhartha a fháil i gcomhthéacs imscrúdaithe arb é is aidhm dó sárú nó sárú féideartha ar an reachtaíocht chustaim a shuíomh.

4. Féadfaidh oifigigh chuí-údaraithe de chuid Páirtí amháin atá i gceist, i gcomhaontú leis an bPáirtí eile atá i gceist agus faoi réir na gcoinníollacha a bheidh leagtha síos ag an bPáirtí sin, a bheith i láthair ag fiosrúcháin a dhéanfar ar chríoch an Pháirtí eile.

## AIRTEAGAL 8

### An fhoirm ina bhfuil an fhaisnéis le cur in iúl

1. Cuirfidh údarás iarrtha torthaí na n-iarrataí ar chúnamh in iúl i scríbhinn don údarás is iarratasóir, mar aon le doiciméid ábhartha, cóipeanna deimhnithe, tuarascálacha agus a leithéidí.

2. Féadfaidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a bheith i bhfoirm ríomhairithe.

3. Ní bheidh deimhniú breise, fíordheimhniú breise ná cineál eile sollúntachta de dhíth ar na doiciméid a chuirtear ar fáil faoin Iarscríbhinn seo seachas an cineál sollúntachta a chuirfidh an t-údarás inniúil riaracháin ar fáil, agus measfar iad a bheith barántúil.

AIRTEAGAL 9

Eisceachtaí ón oibleagáid cúnamh a sholáthar

1. Féadfar cúnamh a dhiúltú nó féadfaidh sé a bheith faoi réir coinníollacha nó ceanglais áirithe a chomhlíonadh, i gcás ina mbeidh Páirtí den tuairim maidir le cúnamh faoin Iarscríbhinn seo:

(a) gur dócha go ndéanfaí dochar do cheannasacht Tír Aindéach is Sínitheoir nó do cheannasacht Ballstáit den Aontas Eorpach ar iarradh air cúnamh a thabhairt faoin Iarscríbhinn seo;

(b) gur dócha go ndéanfaí dochar leis do bheartas poiblí, do shlándáil nó do leasanna bunriachtanacha eile, go háirithe sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(2);

(c) go sárófaí rún tionscail, rún tráchtála nó gairmiúil; nó

(d) a bheith míbhunreachtúil nó contrártha lena dlí, lena rialacha nó lena hionstraimí dlíthiúla eile.

2. Féadfaidh an t-údarás iarrtha cúnamh a chur siar ar an bhforas go gcuirfeadh sé isteach ar imscrúdú, ionchúiseamh nó imeacht atá ar siúl. I gcás den sórt sin, rachaidh an t-údarás iarrtha i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir chun a chinneadh an féidir cúnamh a thabhairt faoi réir cibé téarmaí nó coinníollacha a éileoidh an t-údarás iarrtha.

3. I gcás ina lorgaíonn an t-údarás is iarratasóir cúnamh nach mbeadh sé féin in ann a sholáthar má iarrtar sin air, tarraingeoidh sé aird ar an méid sin ina iarraidh. Is ar an údarás iarrtha a bheidh sé ansin cinneadh a dhéanamh conas freagra a thabhairt ar iarraidh den sórt sin.

4. Maidir leis na cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní mór cinneadh an údaráis iarrtha agus na cúiseanna atá leis sin a chur in iúl don údarás is iarratasóir gan mhoill.

AIRTEAGAL 10

Malartú faisnéise agus rúndacht

1. Beidh aon fhaisnéis a chuirfear in iúl i bhfoirm ar bith de bhun na hIarscríbhinne seo rúnda nó srianta, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacha is infheidhme maidir le gach Páirtí. Cumhdófar an fhaisnéis sin le hoibleagáid na rúndachta oifigiúla agus téachtfaidh sí an chosaint a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlíthe ábhartha an Pháirtí a fuair í agus faoi na forálacha comhfhreagracha a bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis Pháirtí an Aontais Eorpaigh.

2. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a mhalartú , ach amháin i gcás ina ngeallfaidh an Páirtí a fhéadfaidh iad a fháil na sonraí sin a chosaint ar bhealach atá comhionann ar a laghad leis an gceann is infheidhme maidir leis an gcás áirithe sin i ndáil leis an bPáirtí a fhéadfaidh iad a sholáthar.

3. Féadfaidh Páirtí diúltú an fhaisnéis a chur ar fáil a iarrfaidh Páirtí eile i gcás nár ghníomhaigh Páirtí eile i gcomhréir le forálacha mhír 2.

4. Maidir le húsáid faisnéise a fuarthas faoin Iarscríbhinn seo in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a thionscnaítear i leith oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim, meastar gur úsáid chun críocha na hIarscríbhinne seo í. Dá bhrí sin, féadfaidh na Páirtithe, ina dtaifid ar fhianaise, tuarascálacha agus teistiméireachtaí agus in imeachtaí agus i líomhaintí atá os comhair na gcúirteanna, úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas agus doiciméid a ndeachthas i gcomhairle leo de réir fhorálacha na hIarscríbhinne seo mar fhianaise. Tabharfar fógra faoin úsáid sin don údarás inniúil a sholáthair an fhaisnéis sin nó a thug rochtain ar na doiciméid sin.

5. Úsáidfear faisnéis a fhaightear de bhun na hIarscríbhinne seo chun críocha chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo, agus chun na gcríoch sin amháin. I gcás inar mian le Páirtí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin chun críocha eile, gheobhaidh an Páirtí sin toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás a sholáthair an fhaisnéis. Maidir le haon úsáid den chineál sin, beidh sé faoi réir aon srianta a leagann an t-údarás sin síos.

AIRTEAGAL 11

Saineolaithe agus finnéithe

Féadfar oifigeach údaráis iarrtha a údarú a bheith i láthair, laistigh de theorainneacha an údaraithe a tugadh, mar shaineolaí nó mar fhinné, in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, agus na nithe, na doiciméid nó cóipeanna deimhnithe díobh is gá le haghaidh na n-imeachtaí sin a thabhairt ar lámh. Ní mór don iarraidh ar theacht i láthair a shonrú go sonrach cé acu údarás breithiúnach nó riaracháin a mbeidh ar an oifigeach teacht i láthair os a chomhair, maidir le cibé ábhair agus de bhua an teidil nó na cáilíochta a cheisteofar an t-oifigeach.

AIRTEAGAL 12

Speansais maidir le cúnamh

Tarscaoilfidh na Páirtithe gach éileamh ar a chéile ar aisíocaíocht speansas arna dtabhú de bhun na hIarscríbhinne seo, seachas, de réir mar is iomchuí, ar speansais do shaineolaithe agus d’fhinnéithe, agus d’ateangairí agus d’aistritheoirí nach fostaithe seirbhíse poiblí iad.

## AIRTEAGAL 13

### Cur chun feidhme

1. Fágfar cur chun feidhme na hIarscríbhinne seo faoi chúram údaráis chustaim nó údarás inniúil eile atá ainmnithe ag an Tír Aindéach is sínitheoir ar thaobh amháin agus ar an taobh eile seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais, de réir mar is iomchuí.

2. Déanfaidh na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 cinneadh maidir leis na bearta praiticiúla agus na socruithe praiticiúla uile is gá chun an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm, agus na rialacha atá i bhfeidhm go háirithe i réimse na cosanta sonraí á gcur san áireamh. Féadfaidh na húdaráis sin a mholadh do na comhlachtaí inniúla ionstraimí comhlántacha a fhorbairt chun an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.

3. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile agus coinneoidh siad a chéile ar an eolas ina dhiaidh sin faoi na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlactar i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne seo.

## AIRTEAGAL 14

### Comhaontuithe eile

1. Agus inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh agus Bhallstáit an Aontais Eorpaigh faoi seach á gcur san áireamh, déanfar an méid seo a leanas le forálacha na hIarscríbhinne seo:

(a) ní dhéanfar difear leo d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi aon chomhaontú nó coinbhinsiún idirnáisiúnta eile;

(b) measfar go mbeidh siad comhlántach le comhaontuithe maidir le cúnamh frithpháirteach a tugadh i gcrích, nó a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích, idir Ballstát aonair den Aontas Eorpach agus Tír Aindéach is sínitheoir; agus

(c) ní dhéanfar difear leo d'fhorálacha an Aontais Eorpaigh lena rialaítear an chumarsáid idir seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le haon fhaisnéis a fhaightear faoin Iarscríbhinn seo agus a bhféadfadh leas a bheith ag an Aontas Eorpach ann.

2. D'ainneoin fhorálacha mhír 1, beidh forlámhas ag forálacha na hIarscríbhinne seo ar fhorálacha aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh maidir le cúnamh frithpháirteach a tugadh i gcrích nó a fhéadfar a thabhairt i gcrích idir Ballstát an Aontais Eorpaigh agus Tír Aindéach is sínitheoir a mhéid nach bhfuil forálacha an chomhaontaithe sin ag luí le forálacha na hIarscríbhinne seo.

3. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle chun aon cheist a bhaineann le hinfheidhmeacht na hIarscríbhinne seo a réiteach, faoi chuimsiú an Fhochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh a bhunaítear le hAirteagal 68 den Chomhaontú seo.

**IARSCRÍBHINN VI**

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

FOSCRÍBHINN 1

ÚDARÁIS INNIÚLA

1. Údaráis inniúla Pháirtí Ae

Roinntear inniúlachtaí rialaithe idir seirbhísí náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach. Maidir leis seo, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann le honnmhairí chuig an gColóim agus/nó chuig Peiriú, tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh freagrach as na coinníollacha agus na nósanna imeachta táirgthe a rialú, lena n-áirítear cigireachtaí reachtúla agus deimhnithe sláinte (nó leasa ainmhithe) a eisiúint lena bhfianaítear comhlíonadh na gcaighdeán agus na gceanglas arna mbunú ag an bPáirtí allmhairiúcháin.

(b) a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón gColóim agus/nó ó Pheiriú, tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh freagrach as rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha allmhairiúcháin arna mbunú ag an Aontas Eorpach ag allmhairí mar sin;

(c) tá an Coimisiún Eorpach freagrach as comhordú, cigireachtaí agus iniúchadh foriomlán ar chórais chigireachta agus as an ngníomh reachtach is gá chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcaighdeán agus na gceanglas laistigh den Aontas Eorpach a áirithiú.

2. Údaráis inniúla na Colóime

Is iad Instituto Colombiano Agropecuario (dá ngairtear 'ICA' anseo feasta) agus Instituto Nacional de Vigilancia de Medicamentos y Alimentos — (dá ngairtear 'INVIMA' anseo feasta) a dhéanann rialú agus faireachas i gcomhpháirt, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí a shanntar do gach institiúid le dlí. Maidir leis seo, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann le honnmhairí chuig Ballstáit an Aontais Eorpaigh, tá ICA agus INVIMA freagrach as faireachas agus rialú a dhéanamh ar na coinníollacha agus na nósanna imeachta sláintíochta agus fíteashláintíochta, lena n-áirítear cigireachtaí reachtúla agus deimhnithe sláintíochta agus fíteashláintíochta a eisiúint lena bhfianaítear comhlíonadh na gcaighdeán agus na gceanglas arna mbunú ag an bPáirtí allmhairiúcháin;

(b) a mhéid a bhaineann le hallmhairí ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh isteach sa Cholóim, tá ICA agus INVIMA freagrach as fíorú agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha allmhairithe bunaithe, lena n-áirítear na cigireachtaí agus na deimhnithe sláintíochta agus fíteashláintíochta arna n-eisiúint ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh lena bhfianaítear go gcomhlíonann allmhairí den sórt sin na caighdeáin agus na ceanglais allmhairiúcháin atá i bhfeidhm sa Cholóim;

(c) Tá ICA agus INVIMA freagrach, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, as comhordú, cigireacht agus iniúchtaí foriomlán na gcóras cigireachta.

3. Údaráis inniúla na Colóime

Is iad na hinstitiúidí seo a leanas údaráis inniúla Pheiriú in ábhair sláintíochta agus fíteashláintíochta:

(a) Servicio Nacional de Sanidad Agraria (dá ngairtear 'SENASA' anseo feasta)

(b) Dirección General de Salud Ambiental (dá ngairtear 'DIGESA' anseo feasta)

(c) Ministerio de Salud

(d) Instituto Tecnológico Pesquero (dá ngairtear 'ITP' anseo feasta)

(e) Ministerio de Comercio Exterior y Turismo (dá ngairtear 'MINCETUR' anseo feasta).

## FOSCRÍBHINN 2

## CEANGLAIS AGUS FORÁLACHA MAIDIR LE FORMHEAS BUNAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH

1. Tarraingeoidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir suas liostaí de na bunaíochtaí a formheasadh agus cuirfidh sé na liostaí sin ar fáil go poiblí.

2. Is iad seo a leanas na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le formheas:

(a) beidh allmhairiú an táirge ainmhí lena mbaineann ón bPáirtí is onnmhaireoir údaraithe ag údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir; áireofar san údarú sin na ceanglais allmhairiúcháin agus deimhniúcháin atá i bhfeidhm maidir leis na táirgí lena mbaineann;

(b) formheasfaidh údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir na bunaíochtaí a bheartaítear a onnmhairiú agus tabharfaidh sé ráthaíochtaí sláintíochta sásúla don Pháirtí is allmhaireoir go gcomhlíonfaidh na bunaíochtaí sin ceanglais ábhartha an Pháirtí is allmhaireoir;

(c) ní mór an chumhacht éifeachtach a bheith ag údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir formheas bunaíochta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcás nár comhlíonadh ceanglais ábhartha an Pháirtí is allmhaireoir;

(d) féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir fíoruithe a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Airteagal 93 den Chomhaontú seo, mar chuid den nós imeachta formheasa;

(e) bainfidh na fíoruithe dá dtagraítear i bhfomhír (d) le struchtúr, eagrú agus cumhachtaí an údaráis inniúil atá freagrach as na bunaíochtaí a fhormheas agus na ráthaíochtaí sláintíochta is féidir leis an údarás inniúil sin a sholáthar maidir le comhlíonadh cheanglais an Pháirtí allmhairiúcháin;

(f) féadfar a áireamh sna fíoruithe dá dtagraítear i bhfomhír (d), cigireacht ar an láthair ar líon ionadaíoch bhunaíochtaí atá ar an liosta nó ar na liostaí arna soláthar ag an bPáirtí is onnmhaireoir;

(g) agus struchtúr sonrach agus dáileadh na n-inniúlachtaí laistigh de Pháirtí an Aontais á gcur san áireamh, féadfaidh na fíoruithe dá dtagraítear i bhfomhír (d) a dhéantar i bPáirtí an Aontais a bheith bainteach le Ballstáit aonair an Aontais Eorpaigh;

(h) bunaithe ar thorthaí na bhfíoruithe dá bhforáiltear in (d), féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir liosta na mbunaíochtaí a mhodhnú.

3. Beidh formheas de bhun mhíreanna 1 agus 2 teoranta ar dtús do na catagóirí bunaíochtaí seo a leanas:

(a) gach bunaíocht le haghaidh feoil úr ó speicis chlóis;

(b) gach bunaíocht le haghaidh feoil úr ó ghéim fiáin agus ó ghéim saothraithe;

(c) gach bunaíocht le haghaidh éineola;

(d) gach bunaíocht le haghaidh táirgí feola ó gach speiceas;

(e) gach bunaíocht le haghaidh táirgí eile de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine (e.g. cásálacha, ullmhóidí feola, feoil mhionaithe);

(f) na bunaíochtaí uile le haghaidh bainne agus táirgí bainne lena gcaitheamh ag an duine; agus

(g) bunaíochtaí próiseála agus soithí monarchan/reoshoithí le haghaidh táirgí iascaigh lena gcaitheamh ag an duine lena n-áirítear moilisc dhébhlaoscacha agus crústaigh.

FOSCRÍBHINN 3

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE FÍORUITHE A DHÉANAMH

Féadfar fíoruithe a dhéanamh ar bhonn iniúchtaí agus/nó cigireachtaí ar an láthair.

Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

– is é ‘an t-iniúchaí’ an Páirtí atá faoi réir an fhíoraithe;

– is é ‘an t-iniúchóir’ an Páirtí a dhéanann an fíorú.

1. Prionsabail ghinearálta le haghaidh an fhíoraithe

(a) déanfar fíoruithe i gcomhar idir an t-iniúchóir agus an t-iniúchaí i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach san Fhoscríbhinn seo;

(b) Díreoidh fíoruithe ar éifeachtacht na rialuithe ar an iniúchtaí a fhíorú seachas diúltú d’ainmhithe aonair, do ghrúpaí ainmhithe, do choinsíneachtaí bunaíochtaí bia nó do luchtóga aonair plandaí nó táirgí plandaí; i gcás ina nochtfar leis an bhfíorú go bhfuil riosca tromchúiseach ann do shláinte ainmhithe, plandaí nó do shláinte an duine, déanfaidh an t-iniúchaí gníomhaíocht cheartaitheach láithreach. Féadfaidh staidéar ar na rialacháin ábhartha, modh cur chun feidhme, measúnú ar an toradh deiridh, leibhéal comhlíonta agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha ina dhiaidh sin a bheith san áireamh sa phróiseas;

(c) beidh minicíocht na bhfíoruithe bunaithe ar fheidhmíocht. Ba cheart go dtiocfadh méadú ar mhinicíocht na bhfíoruithe mar thoradh ar leibhéal íseal feidhmíochta. Ceartóidh an t-iniúchaí feidhmíocht mhíshásúil chun sástacht an iniúchóra;

(d) déanfar fíoruithe, agus na cinntí a bheidh bunaithe orthu, ar bhealach trédhearcach comhsheasmhach.

2. Prionsabail a bhaineann leis an iniúchóir

Ullmhóidh na hiniúchóirí plean, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta más féidir, ina gcumhdófar na pointí seo a leanas:

(a) Ábhar, doimhneacht agus raon feidhme an fhíoraithe;

(b) dáta agus áit an fhíoraithe, mar aon le tráthchlár suas go dtí eisiúint na tuarascála críochnaithí agus an tráthchlár sin san áireamh;

(c) an teanga nó na teangacha ina ndéanfar an fíorú agus ina scríobhfar an tuarascáil;

(d) céannacht na n-iniúchóirí, lena n-áirítear, má úsáidtear cur chuige foirne, an ceannaire; d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sainscileanna gairmiúla chun córais agus cláir speisialaithe a fhíorú; agus

(e) sceideal de chruinnithe le hoifigigh inniúla agus cuairteanna ar bhunaíochtaí nó ar shaoráidí, de réir mar is iomchuí; ní gá céannacht na mbunaíochtaí nó na saoráidí a bhfuil cuairt le tabhairt orthu a lua roimh ré.

Faoi réir forálacha maidir le saoráil faisnéise, cloífidh an t-iniúchóir le rúndacht tráchtála. Ní mór coinbhleachtaí leasa a sheachaint.

3. Prionsabail a bhaineann leis an iniúchaí

Chun fíorú a éascú, beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an t-iniúchaí:

(a) comhoibreoidh an t-iniúchaí go hiomlán leis an iniúchóir agus ainmneoidh an t-iniúchaí pearsanra a bheidh freagrach as an gcúram sin; d'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith san áireamh sa chomhar:

(i) rochtain ar na rialacháin agus na caighdeáin ábhartha uile;

(ii) rochtain ar chláir chomhlíontachta agus taifid agus doiciméid ábhartha;

(iii) rochtain ar thuarascálacha iniúchta agus cigireachta;

(iv) rochtain ar dhoiciméadacht a bhaineann le gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus smachtbhannaí; agus

(v) dul isteach i mbunaíochtaí a éascú;

(b) oibreoidh an t-iniúchaí clár doiciméadaithe chun a léiriú don iniúchóir go bhfuil caighdeáin á gcomhlíonadh ar bhonn comhsheasmhach aonfhoirmeach.

4. Nósanna imeachta

(a) Cruinniú tosaigh

Ba cheart cruinniú tosaigh a thionól idir ionadaithe na bPáirtithe. Ag an gcruinniú sin, beidh an t-iniúchóir freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean fíorúcháin agus as a dheimhniú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha, doiciméid leordhóthanacha agus aon mhodhanna eile is gá ar fáil chun an fíorú a dhéanamh.

(b) Athbhreithniú ar dhoiciméid

D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh san athbhreithniú ar dhoiciméid scrúdú ar na doiciméid agus na taifid dá dtagraítear i bhfomhír 3(a), struchtúir agus inniúlachtaí an iniúchtaí, agus aon athruithe ábhartha ar chórais chigireachta agus deimhniúcháin ó tháinig an Comhaontú seo i bhfeidhm nó tar éis an fhíoraithe dheireanaigh, agus béim á leagan ar chur chun feidhme gnéithe den chóras cigireachta agus deimhniúcháin le haghaidh ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí nó táirgí plandaí ar díol spéise iad. D'fhéadfadh scrúdú ar thaifid agus ar dhoiciméid ábhartha cigireachta agus deimhniúcháin a bheith san áireamh leis sin.

(c) cigireachtaí ar an láthair

(i) chun a chinneadh ar cheart cigireacht ar an láthair a dhéanamh, ba cheart riosca an ainmhí, an phlanda nó an táirge ábhartha a mheas, agus tosca amhail stair chomhréireachta na hearnála tionscail nó an Pháirtí is onnmhaireoir, méid an táirge arna tháirgeadh agus arna allmhairiú nó arna onnmhairiú, athruithe ar bhonneagar agus na córais intíre cigireachta agus deimhniúcháin á gcur san áireamh;

(ii) d'fhéadfadh cuairteanna ar shaoráidí táirgthe agus monaraíochta, ar limistéir láimhseála bia nó stórála agus ar shaotharlanna rialaithe a bheith i gceist le cigireachtaí ar an láthair chun comhlíonadh na faisnéise atá san ábhar doiciméadach dá dtagraítear i bhfomhír (b) thuas a sheiceáil.

(d) Fíorú leantach

I gcás ina bhfuil fíorú leantach á dhéanamh chun ceartú easnamh a fhíorú, d'fhéadfadh sé gur leor scrúdú a dhéanamh ar na pointí sin ar cinneadh gur ghá iad a cheartú, agus na pointí sin amháin.

5. Doiciméid oibre

Ba cheart foirmeacha chun torthaí agus conclúidí iniúchóireachta a thuairisciú a chaighdeánú a mhéid is féidir chun an cur chuige maidir le fíorú a dhéanamh níos aonfhoirmí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla. Féadfar a áireamh sna doiciméid oibre aon seicliosta d'eilimintí a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu. Féadfaidh na seicliostaí sin na nithe seo a leanas a chumhdach:

(a) an reachtaíocht;

(b) struchtúr agus oibríochtaí na seirbhísí cigireachta agus deimhniúcháin;

(c) mionsonraí agus nósanna imeachta oibre, staitisticí sláinte, pleananna samplála agus torthaí;

(d) gníomhaíocht agus nósanna imeachta comhlíontachta;

(e) nósanna imeachta maidir le tuairisciú agus gearáin; agus

(f) cláir oiliúna.

6. Cruinniú clabhsúir

Tionólfar cruinniú clabhsúir idir ionadaithe na bPáirtithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na hoifigigh atá freagrach as na cláir náisiúnta chigireachta agus deimhniúcháin. Ag an gcruinniú sin, cuirfidh an t-iniúchóir cinntí an fhíoraithe i láthair. Cuirfear an fhaisnéis i láthair ar bhealach soiléir, gonta ionas go dtuigfear conclúidí an iniúchta go soiléir. Dréachtóidh an t-iniúchaí plean gníomhaíochta chun aon easnaimh a tugadh faoi deara a cheartú, agus b'fhearr go mbeadh spriocdhátaí ann chun é a thabhairt chun críche.

7. Tuarascáil

Cuirfear an dréacht-tuarascáil fíorúcháin ar aghaidh chuig an iniúchaí laistigh de 45 lá oibre tar éis an chruinnithe chlabhsúir dá dtagraítear i mír 6. Beidh 30 lá oibre ag an iniúchaí chun barúlacha a thabhairt maidir leis an dréacht-tuarascáil. Beidh barúlacha a dhéanfaidh an t-iniúchaí i gceangal leis an tuarascáil chríochnaitheach agus, i gcás inarb iomchuí, áireofar sa tuarascáil sin iad. I gcás ina n-aithneofar le linn an fhíoraithe, áfach, go bhfuil riosca suntasach ann don tsláinte phoiblí, ainmhithe nó plandaí cuirfear an t-iniúchaí ar an eolas a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre tar éis dheireadh an fhíoraithe.

FOSCRÍBHINN 4

POINTÍ TEAGMHÁLA AGUS SUÍOMHANNA GRÉASÁIN

A. Pointí teagmhála

| |
|---|
| Thar ceann an Aontais Eorpaigh<br><br>An Coimisiún Eorpach<br>Seoladh Poist: Rue de la Loi/Wetstraat 200 - B-1049 Bruxelles/Brussel – BELGIQUE/BELGIË<br>Teil. + 322 2963314<br>Facs. +322 2964286 |
| |
| Thar ceann na Colóime<br><br>Instituto Colombiano Agropecuario (ICA)<br>Seoladh Poist: Calle 37 Nº 8-43 Edificio Colgas, Bogotá, D.C. – An Cholóim<br>Teil.: +57 1 3203654<br>Facs. +57 1 2324695<br>Ríomhphost: subgerencia.pecuaria@ica.gov.co |
| |
| Instituto Nacional de Vigilancia de Medicamentos y Alimentos (INVIMA)<br>Seoladh Poist: Carrera 68D N° 17-11/21, Bogotá, D.C. — An Cholóim<br>Teil.: +57 1 2988700<br>Ríomhphost: invimagr@invima.gov.co |
| |
| Ministerio de Comercio, Industria y Turismo<br>Seoladh Poist: Calle 28 Nº 13 A - 15, piso 3° - Bogotá, D.C. – An Cholóim<br>Teil.: +57 1 6064775 |
| |

| |
|---|
| Thar ceann Pheiriú<br><br>SENASA<br>Seoladh Poist: Avenida la Molina Nº 1915-Lima 12 – La Molina – Lima – Peiriú<br>Teil. +511 3133300<br>Facs. +511 3401486 |
| |
| DIGEMID<br>Seoladh Poist: Las Amapolas Nº 350 Urbanización San Eugenio – Lince – Lima – Peiriú<br>Teil. +511 4428335, 4210146, 4210258<br>Facs. +511 4226404 |
| |
| ITP<br>Seoladh Poist: Carretera a Ventanilla Km. 5.2 - Callao – Peiriú<br>Teil.+511 5770116, 5770118<br>Facs +511 5770908 |
| |
| MINCETUR<br>Seoladh Poist: Calle Uno Oeste N° 050, Urbanización Córpac, San Isido, Lima – Peiriú<br>Teil. +511 5136100, anexos 8020, 8021<br>Facs. +511 5136100, anexo 8002<br>Ríomhphost: webmaster@mincetur.gob.pe |
| |

B. Suíomhanna gréasáin saor in aisce

| |
|---|
| Thar ceann an Aontais Eorpaigh<br><br>http://europa.eu.int/comm/dgs/health_consumer/index_en.htm |
| |
| Thar ceann na Colóime<br><br>www.ica.gov.co<br>www.invima.gov.co<br>www.mincomercio.gov.co |
| |
| Thar ceann Pheiriú<br><br>www.senasa.gob.pe<br>www.digesa.minsa.gob.pe<br>www.itp.org.pe<br>www.mincetur.gob.pe |

________________